



FORBAIRTÍ SUAS GO DTÍ AN IONSTRAIM EORPACH AONAIR

Baineann príomhforbairtí na gConarthaí luatha le cruthú acmhainní dílse an Chomhphobail, cumhachtaí buiséadacha na Parlaiminte a threisiú, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach agus an Córas Eorpach Airgeadaíochta a bhunú. Tacaíodh le coincheap na lánpháirtíochta nuair a tháinig feidhm leis an Ionstraim Eorpach Aonair in 1986, ar ionstraim í a d'athraigh Conradh na Róimhe go mór, trí mhargadh inmheánach mór a chruthú.

PRÍOMHGHNÓTHACHTÁLACHA CHÉAD CHÉIM NA LÁNPHÁIRTÍOCHTA

Foráladh le hAirteagal 8 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), ar a dtugtar freisin Conradh na Róimhe^[1], go dtabharfaí an cómhargadh chun críche i dt trí chéim thar thréimhse eatramhach 12 bhliain, dár críoch an 31 Nollaig 1969. Tugadh a chéad aidhm, an t-aontas custaim, chun críche níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse chun cuótaí a mhéadú agus chun deireadh de réir a chéile a chur le custaim inmheánacha chomh luath leis an 1 Iúil 1968. Bíodh sin mar atá, bhí constaicí móra ann roimh shaoirse gluaiseachta ag deireadh na hidirthréimhse. Faoin am sin, bhí comhtharaif sheachtrach do thrádáil le tríú tíortha glactha ag an Eoraip.

Togra mór eile do lánpháirtiú na hEorpa ab ea 'An Eoraip Ghlas' a chruthú. Glacadh leis na chéad rialacháin maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus bunaíodh an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGGF) in 1962.

NA CHÉAD LEASUITHE AR NA CONARTHAÍ

A. Feabhsuithe ar na hinstiúidí

Tharla an chéad athrú instiúideach nuair a síníodh an Conradh Cumaisc^[2] an 8 Aibreán 1965, nuair a cumascadh na comhlachtaí feidhmiúcháin. Tháinig feidhm leis an athrú sin in 1967 nuair a bunaíodh Comhairle agus Coimisiún aonair do na Comhphobail Eorpacha (CEGC, CEE agus CEFA) agus tugadh isteach prionsabal an bhuiséid aonair.

[1]An Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/teec/sign>

[2]Conradh Cumaisc OJ 152, 13.7.1967, lch. 2–17, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/fusion/sign>



B. Acmhainní dílse agus cumhachtaí buiséadacha

Le cinneadh ón gComhairle an 21 Aibreán 1970^[3] bunaíodh córas d'acmhainní dílse na gComhphobal, ar córas é a tháinig in áit na Ballstáit a bheith ag déanamh ranníocaíochtaí airgeadais (1.4.1).

- Bronnadh cumhachtaí buiséadacha ar leith ar an bParlaimint le Conradh Lucsamburg an 22 Aibreán 1970^[4] (1.3.1).
- Le Conradh na Bruiséile an 22 Iúil 1975^[5], tugadh an ceart don Pharlaimint an buiséad a dhiúltú agus urscaoileadh a dheonú don Choimisiún chun an buiséad a chur chun feidhme. Bunaíodh an Chúirt Iniúchóirí faoin gConradh céanna, ar comhlacht í atá freagrach as cuntais agus bainistíocht airgeadais an Chomhphobail a iniúchadh (1.3.12).

C. Toghcháin

Tugadh dlísteacht agus údarás nua don Pharlaimint le hIonstraim an 20 Meán Fómhair 1976 trí bhíthin toghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a thabhairt isteach (1.3.4). Rinneadh an Ionstraim a athbhreithniú in 2002 nuair a tugadh isteach prionsabal ginearálta na hionadaíochta cionmhaire mar aon le creatfhorálacha eile do reachtaíocht náisiúnta i ndáil leis na toghcháin Eorpacha.

D. Méadú

Tháinig Éire isteach an 1 Eanáir 1973, mar aon leis an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg; vótáil muintir na hIorua i gcoinne aontachais i reifreann. Rinneadh Ballstát den Ghréig in 1981; tháinig an Phortaingéil agus an Spáinn isteach in 1986.

E. Buiséad AE

Bhí éileamh ann tar éis an chéad bhabhta méadaithe go mbeadh srian níos déine ar an mbuiséad agus go ndéanfaí an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a athchóiriú. Tháinig cruinniú mullaigh na Comhairle Eorpaí in 1979 ar chomhaontú maidir le sraith beart comhlántach. Tháinig ar réiteach inbhuanaithe in 1984 le comhaontuithe Fontainebleau ar bunaíodh é ar an bprionsabal go bhféadfaí coigeartuithe a dhéanamh chun cabhrú le haon Bhallstát a raibh ualach airgeadais air a bhí iomarcach i dtéarmaí a rathúnais choibhneasta.

[3]70/243/CEGC, CEE, Euratom: Cinneadh ón gComhairle an 21 Aibreán 1970 maidir le hacmhainní dílse na gComhphobal a chur in ionad ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/1970/243/oj>

[4]Conradh a leasaíonn Forálacha Buiséadacha Áirithe, OJ L 2, 2.1.1971, Ich. 1–12, available at: https://eur-lex.europa.eu/search.html?qid=1558096159975&whOJ=NO_OJ%3D002_YEAR_OJ%3D1971&type=advanced&lang=en&SUBDOM_INIT=ALL_ALL&DB_COLL_OJ=oj-l

[5]Conradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais de na Conarthaí ag bunú Chomhphobail Eacnamaíochta na hEorpa agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha|O L 359, 31.12.1977, Ich. 1-19, ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/search.html?qid=1558096310653&whOJ=NO_OJ%3D359_YEAR_OJ%3D1977&type=advanced&lang=en&SUBDOM_INIT=ALL_ALL&DB_COLL_OJ=oj-l



PLEANANNA DO NÍOS MÓ LÁNPHÁIRTÍOCHTA

I bhfianaise chomh maith is a d'éirigh leis an gComhphobal Eacnamaíochta, tháinig an aidhm aontas polaitiúil a chruthú do na Ballstáit chun cinn arís go luath sna 1960idí, d'ainneoin gur chlis an Comhphobal Eorpach Cosanta (CEC) i mí Lúnasa 1954.

A. Clis na hiarrachta aontas polaitiúil a bhaint amach

Ag cruinniú mullaigh Bonn in 1961, d'iarr Cinn Stáit nó Rialtais sé Bhallstát bhunaidh an Chomhphobail Eorpaigh ar choiste idir-rialtasach, a raibh ambasadóir na Fraince Christian Fouchet ina chathaoirleach air, moltaí a chur chun cinn i ndáil le stádas polaitiúil mar aontas idir pobail na hEorpa. Rinne an coiste staidéir sin dhá iarracht in aisce idir 1960 agus 1962 dréachtchonradh a chur faoi bhráid na mBallstát a bhí inghlactha do chách, bíodh is gur bhunaigh Fouchet a phlean ar mhór-urraim a léiriú d'fhéiniúlacht na mBallstát, agus dá réir sin diúltú don rogha fheidearálach.

In éagmais pobail pholaitiúil, tháinig Comhar Polaitiúil Eorpach, nó CPE, ina ionad. Ag cruinniú mullaigh sa Hág i mí na Nollaig 1969, rinne na Cinn Stáit nó Rialtais an cinneadh an bealach is fearr chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haontú polaitiúil a fhiosrú. Bhí tuarascáil Davignon, ar ghlac na hAirí Eachtracha léi i mí Dheireadh Fómhair 1970 agus ar chuir tuarascálacha eile leis ina dhiaidh sin, ina bhunús do CPE go dtí gur tháinig feidhm leis an Ionstraim Aonair.

B. Géarchéim 1966

Tharla géarchéim thromchúiseach ag tríú céim na tréimhse eatramhaí nuair a bhí nósanna imeachta sa Chomhairle le hathrú i roinnt réimsí ó riail na haontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe. Chuir an Fhrainc in aghaidh raon moltaí ón gCoimisiún, ar áiríodh leo beart chun an Comhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, agus d'éirigh sí as freastal ar phríomhchruinnithe an Chomhphobail (beartas 'na cathaoireach foilmhe'). Thángthas ar Chomhghéilleadh Lucsamburg (1.3.7) ar deireadh lenár sonraíodh go ndéanfadh baill na Comhairle iarracht, nuair a bhain ceist le leasanna ríthábhachtacha ceann amháin nó níos mó de na tíortha, teacht ar réitigh a d'fhéadfadh gach Ballstát glacadh leo agus ag an am céanna a d'urramódh a leasanna coiteanna.

C. 'Cruinnithe mullaigh' na hEorpa ag éirí níos tábhachtaí

Bíodh is gur fhan siad lasmuigh de chomhthéacs institiúideach an Chomhphobail, thosaigh comhdhálacha Chinn Stáit nó Rialtais na mBallstát ag cur teorach polaitiúla ar fáil agus ag aimsiú réitigh do na fadhbanna nach raibh Comhairle na nAirí in ann a láimhseáil. Tar éis cruinnithe luatha in 1961 agus 1967, mhéadaigh tábhacht na gcomhdhálacha ón uair a raibh cruinniú mullaigh na Háige ann an 1 agus 2 Nollaig 1969, a cheadaigh tús a chur le caibidlíocht chun an Comhphobal a mhéadú agus a tháinig ar chomhaontú maidir le córas airgeadais an Chomhphobail, agus cruinniú mullaigh Fontainebleau (i mí na Nollag 1974), áit ar tógadh mórchinntí polaitiúla maidir le toghchán díreach chuig Parlaimint na hEorpa agus an nós imeachta cinnteoireachta laistigh den Chomhairle. Rinne na Cinn Stáit nó Rialtais an cinneadh ag an gcruinniú mullaigh sin teacht le chéile trí huair in aghaidh na bliana mar 'an Chomhairle Eorpach' chun gnóthaí an Chomhphobail agus comhar polaitiúil a phlé (1.3.6).



D. Athchóiriú institiúideach agus beartas airgeadaíochta

I dtreo dheireadh na 1970idí, thug na Ballstáit faoi roinnt tionscnamh chun a mbeartais eacnamaíochta agus fhioscacha a chomhchuihbhiú. Chun fadhb na héagobhsaíochta airgeadaíochta a réiteach mar aon leis na hiarmhairtí dochracha a bhí ag an éagobhsaíocht sin ar CBT agus ar chomhtháthú idir na Ballstáit, bunaíodh an Córas Eorpach Airgeadaíochta (CEA) in 1978, ag cruinnithe mullaigh na Comhairle Eorpaí in Bremen agus sa Bhruiséil. Bunaithe ar bhonn deonach agus difreáilte — rinne an Ríocht Aontaithe an cinneadh gan a bheith páirteach i sásra an ráta malairte — bhain an Córas Eorpach Airgeadaíochta úsáid as comhaonad cuntasáíochta, an ECU.

Ag cruinniú mullaigh na Comhairle Eorpaí i Londain in 1981, rinne Airí Eachtracha na Gearmáine agus na hIodáile, Hans-Dietrich Genscher agus Emilio Colombo, moladh go mbeadh 'Ionstraim Eorpach' ann lena gcuimseofaí raon ábhar: comhar polaitiúil, cultúr, cearta bunúsacha, comhchuihbhiú an dlí lasmuigh de na réimsí a chuimsítear i gConarthaí an Chomhphobail, mar aon le bealaí chun déileáil le foréigean, sceimhlitheoireacht agus coireacht. Níor glacadh léi ina foirm bhunaidh, ach bhí codanna di sa 'Dhearbhú Sollúnta ar an Aontas Eorpach' a glacadh in Stuttgart an 19 Meitheamh 1983.

E. Tionscadal Spinelli

Tháinig ann do ghéarchéim thromchúiseach idir an Pharlaimint agus an Chomhairle de bharr bhuiséad 1980, roinnt míonna tar éis an chéad toghcháin dhírigh chuig an bParlaimint in 1979. Ar chomhairle ó Altiero Spinelli, FPE, arb é bunaitheoir Ghluaiseacht Fheidearálach na hEorpa é agus iar-Choimisinéir, tháinig naoi bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa le chéile i mí Iúil 1980 chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun oibriú na n-institiúidí a athbheochan. Bhunaigh an Parlaimint coiste um ghnóthaí institiúideacha i mí Iúil 1981, a raibh Spinelli ina rapóirtéir comhordúcháin air, chun plean a chur i dtoll a chéile chun na Conarthaí reatha a leasú. Rinne an coiste an cinneadh pleananna a chur i dtoll a chéile a dtiocfadh bunreacht an Aontais Eorpaigh astu. Ghlac tromlach mór an dréachtchonradh an 14 Feabhra 1984. D'fheidhmeofaí cumhacht reachtach faoi chóras dhá sheomra, cosúil le stát feidearálach. Bhí sé mar aidhm leis an gcóras sin cothromaíocht a bhaint amach idir an Parlaimint agus an Chomhairle, ach níor ghlac na Ballstáit leis.

AN IONSTRAM EORPACH AONAIR

Tar éis do dhíospóid an bhuiséid Comhphobail ag tús na 1980idí a bheith réitithe, rinne an Chomhairle Eorpach an cinneadh ag cruinniú Fontainebleau i Meitheamh 1984 coiste *ad hoc* a bhunú a mbeadh ionadaithe pearsanta na gCeann Stáit nó Rialtais air, ar tugadh Coiste Dooge air mar gurbh é Dooge a bhí ina chathaoirleach air. Iarradh ar an gcoiste moltaí a dhéanamh chun feidhmiú chóras an Chomhphobail agus an chomhair pholaitiúil a fheabhsú. Ag an gComhairle Eorpach in Milano i Meitheamh 1985, chinn an Chomhairle, i nós imeachta eisceachtúil di ag an tráth sin, le tromlach (7 vóta in aghaidh 3) go dtionólfai comhdháil idir-rialtasach chun breithniú a dhéanamh ar chumhachtaí na n-institiúidí, gníomhaíochtaí an Chomhphobail a leathnú i dtreo réimsí nua, mar aon le 'fíor'-mhargadh inmheánach a bhunú.



Shínigh naoi mBallstát an Ionstraim Eorpach Aonair (IEA)^[6] an 17 Feabhra 1986, agus lean an Danmhairg (tar éis vóta fabhrach i reifreann), an Iodáil agus an Ghréig iad an 28 Feabhra 1986. Dhaingnigh parlaimintí na mBallstát an Ionstraim in 1986, ach, mar go raibh achomharc déanta ag saoránach príobháideach chuig cúirteanna na hÉireann, cuireadh moill sé mhí uirthi sular tháinig sí i bhfeidhm an 1 Iúil 1987. Ba é IEA an chéad athrú substaintiúil ar Chonradh na Róimhe. Seo a leanas a príomhfhórlacha:

A. Leathnú ar chumhachtaí an Aontais

1. Trí mhargadh inmheánach mór a chruthú

Bhí margadh inmheánach a bhí ag feidhmiú go hiomlán le bheith críochnaithe faoin 1 Eanáir 1993, ag tógáil ar láimh agus ag leathnú chuspóir an chómhargaidh a tugadh isteach in 1958 ([2.1.1](#)).

2. Trí chumhachtaí nua a bhunú maidir le:

- beartas airgeadaíochta,
- beartas sóisialta,
- comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta,
- taighde agus forbairt theicneolaíoch,
- an comhshaol;
- comhar i réimse an bheartais eachtraigh.

B. Cumas cinnteoireachta Chomhairle na nAirí a fheabhsú

Tháinig vótáil trí thromlach cáilithe in ionad na haontoilíochta i gceithre cinn de réimsí freagrachta reatha an Chomhphobail (an chomhtharaif chustaim a leasú, an tsaoirse seirbhísí a sholáthar, saorghluaiseacht caipitil agus an comhbheartas muiriompair agus aeriompair). Tugadh isteach vótáil trí thromlach cáilithe freisin le haghaidh roinnt réimsí freagrachta nua, amhail an margadh inmheánach, beartas sóisialta, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, taighde agus forbairt theicneolaíoch, agus an beartas comhshaoil. Ar deireadh, bhí vótáil trí thromlach cáilithe ina hábhar do leasú ar rialacha nós imeachta inmheánacha na Comhairle, ionas go gcomhlíonfaí dearbhú a rinne Uachtaránacht roimhe sin go bhféadfaí a iarraidh ar an gComhairle, sa todhchaí, vóta a chaitheamh ní hamháin ar thionscnamh a hUachtaráin, ach freisin arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag Ballstát dá mbeadh tromlach simplí de bhail na Comhairle ar a son.

C. Fás ar ról Pharlaimint na hEorpa

Neartaíodh cumhachtaí na Parlaiminte ar na bealaí seo a leanas:

- foráil a dhéanamh go mbeadh comhaontuithe Comhphobail maidir le méadú agus comhaontuithe comhlachais faoi réir thoiliú na Parlaiminte;
- nós imeachta a thabhairt isteach le haghaidh comhar leis an gComhairle ([1.2.3](#)), a thug fíorchumhachtaí reachtacha don Pharlaimint, bíodh is go raibh siad teoranta;

[6] Ionstraim Eorpach Aonair, O L 169, 29.6.1987, I ch. 1-28, ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:11986U/TXT>



bhain sé sin le isteach is amach le dhá cheann déag de bhunúis dlí ag an am agus cor cinniúna a bhí ann ó thaobh fíor-chomhreachtóir a dhéanamh den Pharlaimint.

Ina Sokolska
05/2019

